# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2012

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# GEARMÁINIS

## Gnáthleibhéal

**Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:**

- Maidir le gach roinn den scrúdú, níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le nathanna cainte, frásaí agus focail a bhfuil a gciall cosúil leo siúd atá ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.

- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

- Léiríonn **tulslais** / roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla, mar sin.

- Léiríonn **lúibíní cruinne** ( ) ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

- Tá eolas **a bhfuil líne faoi** riachtanach chun an marc iomlán a bhaint amach.

- Ba cheart freagraí cealaithe a chur san áireamh sa chás nár tugadh aon fhreagra eile. I gcás go bhfreagraíonn iarrthóir ceist níos mó ná uair amháin, glac leis an gcéad fhreagra agus sin amháin. I gcás ina bhfuil freagraí i dteanga seachas an teanga a sonraíodh: bronn leathmharcanna.

- **Socruithe Réasúnta**
  Ina gcás sin dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach, ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe áirithe eile den ghramadach. Agus obair na n-iarrthóirí seo á meas cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm mar atá leagtha amach ar leathanach 17 den scéim mharcála.

**TRIAIL CHLUASTUISCEANA (100 marc)** **(26, 13, 31, 30)**

**Cuid a hAon: Agallamh** **(26 marc: 9, 9, 6, 2)**
**(Freagraí i nGearmáinis: bronn leathmharcanna)**

**1. (9 marc: 6, 3 mharc)**

*Tabhair sonraí faoi scoil Lukas.*

**DHÁ cheann ar bith: 9 marc: 6, 3**

1. Meánscoil
2. Giomnáisiam scannánaíochta / scoil scannánaíochta / teagasctar scannánaíocht
3. Tá sí in Potsdam / (in aice le) Beirlín
4. (Teagasctar scannánaíocht) ceithre huaire sa tseachtain.
5. Teagasctar gnáthábhair chomh maith.
6. Féadann daltaí an t-ábhar a dhéanamh gach bliain / go dtí an Ardteistiméireacht
7. (Tá sé ar cheann de) na chéad scoileanna ina dteagasctar scannánaíocht.
8. Tá suim ag na daltaí ar fad san ábhar / scannánaíocht.

**2. (9 marc: 6, 3 mharc)**

*Cad a fhoghlaimíonn daltaí sa rang scannánaíochta? Tabhair samplaí.*

**DHÁ cheann ar bith: 9 marc: 6, 3**

1. Stair na scannán
2. Taithí phraiticiúil a fháil / cleachtaí praiticiúla a dhéanamh / tascanna praiticiúla a dhéanamh
3. Agallaimh
4. (Cuireann siad eolas ar) threalamh (foghlaimíonn siad lena úsáid)
5. Scannáin a léiriú
6. Dialóga a scríobh
7. Radhairc a scríobh
8. Scannánaíocht ar sheit scannáin
9. Conas eagarthóireacht a dhéanamh

**3.** **(6 mharc: (i) 2 mharc: (ii) 4 mharc: 3, 1 mharc)**

**(i)** *Cuireann scoil Lukas fáilte roimh ionchur ó dhaoine gairmiúla.*

**CEANN ar bith: 2 mharc**

1. Tugann aisteoirí cuairt.
2. Tugann léiritheoirí scannán cuairt
3. Labhraíonn siad faoina scannáin is déanaí / is nua.
4. Labhraíonn siad faoi bheith ag obair mar aisteoir.

**(ii)** *Baineann daltaí sa scoil leas freisin as comhoibriú dlúth le hollscoil. Tabhair **dhá** shonra.*

**DHÁ cheann ar bith: 4 mharc: 3, 1**

1. Is é Hochschule für Film und Fernsehen is ainm don ollscoil
2. Tá an ollscoil in Potsdam.
3. (Is féidir leo) an leabharlann / ionad na meán a úsáid.
4. (Is féidir leo freastal ar) sheimineáir.
5. Is féidir leo foghlaim faoi stair na scannán
6. Is féidir leo taithí oibre a fháil.

**4.** **(2 mharc)**

*Cén fáth a dtugtar cead do Lukas a bheith as láthair ón scoil ar feadh suas le 20 lá sa scoilbhliain?*

Faigheann sé ról / déanann sé aisteoireacht i scannán / sraith. **(2)**

**Cuid a Dó: Glao Teileafóin** **(13 mharc: 1, 1, 9, 2)**
**(Freagraí i nGearmáinis: bronn leathmharcanna)**

1. **(1 mharc)**

*Cén fhadhb atá ag déanamh tinnis don té atá ag glaoch?*

**CEANN ar bith: 1 mharc**

1. Níl theastaíonn an duais uaithi.
2. Is seanbhean í / tá sí os cionn 70.
3. Bhí sí ag an Réin cheana.
4. Níl aon suim aici i dturais báid.

2. **(1 mharc:)**

*Cén réiteach a mholann an té atá ag glaoch? Tabhair sonraí.*

Teastaíonn uaithi an duais a bhronnadh ar charthanas / ar an gCros Dhearg. **(1)**

3. **(9 marc: 5 + 4)**

*Cén t-**ainm** atá ar an té atá ag glaoch agus cén **uimhir theileafóin** atá aici?*

**Ainm:** (Hildegard) FRIED **(5)**

**N.B. Bain 1 mharc as gach litir atá mícheart / ar iarraidh.**

Uimhir theileafóin: 58 37 96 **(4)**

**N.B. Iomlán nó faic.**

4. **(2 mharc)**

*Tá sí ag glaoch:*

*(c)* ar an mbriogáid dóiteáin **(2)**

**Cuid a Trí: Comhrá** **(31 marc: 10, 9, 8, 4)**
**(Freagraí i nGearmáinis: bronn leathmharcanna)**

**1.** **(10 marc: 6, 4 mharc)**

*Cad tá á bheartú ag teaghlach Andi do na laethanta saoire? Tabhair sonraí.*

1. Dul chun na Spáinne. **(6)**
2. Ar feadh coicíse. **(4)**

**2.** **(9 marc: 6, 3 mharc)**

*Cá dteastaíonn ó Andi dul i mí an Mheithimh? Tabhair sonraí.*

**DHÁ cheann ar bith: 9 marc: 6, 3**

1. Chuig féile cheoil / "Rock am Ring".
2. Ag an Nürburgring.
3. Le Tobias / triúr páirtithe ranga.
4. Codlóidh siad i bpuball / tá áiseanna campála ar fáil
5. Ón 14-17 Meitheamh. **N. B: Ar feadh 4 lá = gan ach 2 mharc a bhronnadh.**
6. Tá na bannaí ceoil is fearr leis ag casadh.
5. Caithfidh duine a bheith 17 mbliana d'aois le dul ann.

**3.** **(8marc: 6, 2 mharc)**

*Tá amhras ar mháthair Andi. Mínigh cén fáth.*

**DHÁ cheann ar bith: 8 marc: 6, 2**

1. Tá sé <u>ró</u>-óg / níl sé <u>ach</u> 17.
2. Tá an cheolchoirm rófhada / Tá an iomarca i dtrí oíche
3. Seans nach dea-smaoineamh atá i gcampáil.
4. D'fhéadfadh sé go ngortófaí é / d'fhéadfadh timpiste a bheith aige.

   **N B: Tá imní uirthi = gan ach 1 mharc a bhronnadh**
5. D'fhéadfadh sé teacht i dteagmháil le drugaí / drugaí a thógáil.
6. D'fhéadfadh sé a bheith róchontúirteach.

**4.** **(4 mharc)**

*Ar deireadh deir máthair Andi leis*

**(d)** go bpléifidh sí lena athair é **(4)**

**Cuid a Ceathair: Nuacht** **(30 marc: 5, 10, 6, 9)**
**(Freagraí i nGearmáinis: bronn leathmharcanna)**

**1.** **( 5 mharc: 4, 1 mharc)**

*Tá tionscadal do leanaí scoile seolta ag rialtas na Brasaíle. Tabhair sonraí.*

**DHÁ cheann ar bith: 5 mharc: 4, 1**

1. Tugtar 'Schulweg' air
2. Chuir an t-uachtarán / Dilma Rousseff i láthair é
3. (Ag tabhairt) 100 000
4. Saor in aisce
5. Rothair
6. Clogaid
7. (Leanaí ó) 300 sráidbhaile / ceantar
8. (Ag rothaíocht) chun na scoile
9. Go sábháilte
10. Rachaidh siad ag rothaíocht chuig an obair nuair a bheidh siad níos sine

**2.** **(10 marc: 6, 4 mharc)**

*Bíonn comórtas ar siúl i mbaile Osnabrück. Tabhair trí shonra faoi.*

**DHÁ cheann ar bith: 10 marc: 6, 4**

1. Sa cheol (clasaiceach).
2. Tugtar 'Yeah' air
3. Do dhaoine óga.
4. Do cheolfhoirne.
5. Do chumadóirí ceoil.
6. I dtithe / hallaí ceolchoirme.
7. (Ó) 2009.
8. Bíonn sé ar siúl gach trí bliana.
9. 13 – 20 Deireadh Fómhair
10. Tig le rannpháirtithe iarratas a dhéanamh go dtí 1 Iúil.
11. Bronntar duaiseanna ar 19 Deireadh Fómhair
12. Bronntar duaiseanna i Halla Cathrach Osnabrück.

**3. (6 marc: (i) 5; (ii) 1 mharc)**

**(i)** *Tugann clár faisnéise nua fadhb thromchúiseach chun solais. Tabhair sonraí.*

**CEANN ar bith: 5 mharc**

1. Dramhaíl bia
2. 20 milliún tona
3. (Bia is fiú) €330 an duine.
4. Caitear amach gach dara tor leitíse — **N B: Caitear leitís amach = 2 mharc**
5. Caitear amach gach dara práta — **N. B: Caitear prátaí amach = 2 mharc**
6. Caitear amach gach cúigiú builín aráin — **N. B: Caitear arán amach = 2 mharc**
7. (Le) Valentin Thurn.
8. Tugtar "Blais an fuíoll" air.
9. Is ionann é agus páirt Thurn i bhfeachtas idirnáisiúnta.

**(ii)** *Cathain a eiseofar an clár faisnéise?*

Inniu **(1)**

**4. (9 mharc: (i) 8; (ii) 1)**

**(i)** *Cén sórt aimsire atá ann faoi láthair agus cén sórt aimsire a bhfuiltear ag súil léi sa tSacsain? Tabhair sonraí.*

**CEANN ar bith: 8 marc**

1. Báisteach **(6)** throm / leanúnach / iomarcach **(2)**
2. Tuilte **(8)**
3. Suas go dtí 100 lítear **(2)** sa mhéadar cearnach laistigh de 24 uair **(6)**.
4. Táthar ag súil le 140 lítear **(2)** sa mhéadar cearnach an lá dár gcionn **(6)**.
5. Titfidh níos mó báistí **(6)** laistigh de dhá lá ná mar a thiteann i mí Iúil ar fad de ghnáth **(2)**.

**(ii)** *Conas a chuireann an aimsir isteach ar an bpobal? Tabhair sonraí.*

**CEANN ar bith: 1 mharc**

1. Siléir faoi thuile.
2. D'ardaigh aibhneacha / briseadh bruacha.
3. Ní féidir gabháil na bóithre / tuillte ar na bóithre / Ní féidir taisteal ar na bóithre.

## TEXT 1: LESEVERSTÄNDNIS: 60 marc (21, 18, 16, 5)

### Ceist 1 (21 marc (a) 9, (b) 6; (c) 6)

**Sa chás go mbíonn na freagraí go léir i nGearmáinis: Ná bronn leathmharcanna ach sa chás go dtugtar faoi ionramháil an eolais chuí.** Teastaíonn fianaise gur thuig iarrthóirí an téacs.

1. (a) *Cad a fheiceann Janna-Berta amach as fuinneog an tseomra ranga? Tabhair **trí** shonra. (na línte 1 – 11)*
**TRÍ cinn ar bith: 9 marc: 3, 3, 3 mharc.**

**1.** Bhí sé gaofar
**2.** Crainn **(2)** i gclós na scoile **(1)**
**3.** Bláthanna **(2)** i bpotaí bláthanna **(1)**
**4.** Tá an ghrian ag taitneamh
**5.** Lá álainn atá ann
**6.** Fear / madra
**7.** An feighlí **(1)** ag baint an fhéir **(2)**

(b) *Foghlaimíonn Janna-Berta Laidin. Cad iad na fadhbanna a bhíonn aici léi? Tabhair trí shonra. (na línte 15 – - 24)*

**TRÍ cinn ar bith: 6 mharc: 2, 2, 2** *(na línte 15-24)*

**1.** Tá sí go maith ag gach rud eile
**2.** Ní féidir léi an ghramadach a thuiscint
**3.** Tá na briathra deacair
**4.** Is fearr léi Béarla / labhraítear Béarla i ngach áit / ar fud an domhain
**5.** Ní labhraíonn aon duine Laidin
**6.** Tá sé leadránach
**7.** Tá sé éigeantach

(c) *Déan cur síos ar an múinteoir Laidine, Benzig. Tabhair sonraí. (na línte 24 – - 31)*

**TRÍ cinn ar bith: 6 mharc: 2, 2, 2**

**1.** Tá sé os cionn **(1)** 60 **(1)**
**2.** Caitheann sé spéaclaí
**3.** Tá gruaig liath air
**4.** Tá cuma dhian air / ta sé dian
**5.** Is é an múinteoir is sine sa scoil é
**6.** Éiríonn sé crosta nuair nach mbíonn a hobair bhaile déanta ag Janna-Berta

### Ceist 2 (18 marc (a) 6; (b) 6; (c) 6)

**2.** (a) *Inis cad a tharla tar éis gur ghlaoigh an t-aláram timpiste núicléiche sa scoil. (na línte 35 – 49)*
**TRÍ cinn ar bith: 6 mharc: 2, 2, 2**

**1.** Dúirt Elmar "sin an t-aláram ABC."
**2.** Labhair an príomhoide ar an ngléas idirchumarsáide
**3.** Críochnaíonn ranganna / cuireadh abhaile iad.
**4.** Téann na scoláirí ar fad abhaile / téann siad i dtreo an dorais / ritheann siad chuig an mbealach amach.
**5.** Tá áthas ar Janna-Berta / ceapann sí go bhfuil an t-ádh léi.
**6.** Pacálann Janna-Berta a mála.
**7.** Tá a lán torainn sa halla.
**8.** Tá anord / anbhá ann.
**9.** Is mian le roinnt daltaí dul chuig an oifig / glaoch a chur ar a dtuismitheoirí.

(b) *Cad a fhaigheann an léitheoir amach faoi theaghlach Janna-Berta? Tabhair* ***trí*** *shonra (na línte 50 – 65)*

**TRÍ cinn ar bith: 6 mharc: 2, 2, 2**

1. Tá deartháir óg / naoi mbliana d'aois aici.
2. Tá sé sa bhunscoil.
3. Tá deartháir níos sine aici.
4. Cónaíonn an teaghlach / Janna Berta in Schlitz.
5. Is dochtúir a hathair.
6. Níl a tuismitheoirí sa bhaile
7. Tá a hathair ag comhdháil / in Schweinfurt.
8. Tá a máthair imithe chun a seanthuismitheoirí a fheiceáil.
9. Tá Janna-Berta agus Uli / a deartháir níos óige sa bhaile astu féin.
10. Caithfidh Janna aire a thabhairt dá deartháir óg.
11. Tiocfaidh a tuismitheoirí ar ais an lá dar gcionn.

(c) *Cad a fheiceann Janna-Berta ar a slí abhaile le Lars? Tabhair* ***trí*** *shonra. (na línte 80 – 89)*

**TRÍ cinn ar bith: 6 mharc: 2, 2, 2**

1. Tá go leor carranna ar an mbóthar
2. Tá na carranna ar fad ag dul i dtreo an mhótarbhealaigh
3. Tá daoine ag iompar cásanna / málaí chuig a gcarranna.
4. Tá bean le beirt leanaí **(1)** ag rith ar an mbóthar **(1)**.
5. Tá leanbh amháin á iompar ag an mbean.
6. Siúlann an leanbh eile taobh thiar di.
7. Dúnann / glasálann fear a dhoras tosaigh.
8. Scanradh ar éadain daoine.
9. Tá anbhá iomlán ann.

**Ceist 3 (16 mharc: 2 mharc in aghaidh an cheannteidil, 2 mharc don aistriúchán / mhíniú ceart)**

**2.Janna-Berta mag Latein nicht** (2)
Ní thaitníonn an Laidin le Janna-Berta (2)

**3.Der Unterricht endet sofort** (2)
Críochnaíonn ranganna láithreach (2)

**4.Die Familie ist nicht zuhause** (2)
Níl an teaghlach sa bhaile (2)

**5.Auf dem Weg nach Hause** (2)
Ar an mbealach abhaile (2)

**Ceist 4. (5 mharc; 5 × 1 mharc)**

| | | | 1 | | 1 | | 1 | | 1 | | 1 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **1** | **d** | **2** | **A** | **3** | **B** | **4** | **C** | **5** | **F** | **6** | **E** |

**TEXT 1: ANGEWANDTE GRAMMATIK (15 mharc)** **(10, 5)**

**1. (10 marc; 10 x 1)**
Comhfhocail … abair cé na focail a cuireadh le chéile i ngach comhfhocal **(5 mharc)** agus cad is brí leis na focail a bhfuil líne fúthu. **(5 mharc)**

(ii) Haus + Meister **(1)** Feighlí **(1)**

(iii) Latein + Lehrer **(1)** Múinteoir Laidine **(1)**

(iv) Pflicht + Fach **(1)** ábhar éigeantach **(1)**

(v) Auto + Bahn **(1)** mótarbhealach **(1)**

(vi) Haus + Tür **(1)** doras tosaigh **(1)**

**2. 5 mharc: 5 × 1 mharc**

Tá na habairtí anseo thíos bunaithe ar **ábhar TEXT I**. Tá réamhfhocal ag teastáil i ngach abairt díobh. Tugtar ceithre réamhfhocal i ngach cás. Cuir ciorcal timpeall ar an réamhfhocal cuí

Englisch wird *auf / zwischen / neben / vor* der ganzen Welt gesprochen.

Janna-Berta steckt ihre Bücher *vor / an / in / zu* ihre Schultasche.

Janna-Berta muss *unter / über / auf / nach* Uli aufpassen.

Sie fährt mit Lars im Auto *zu / unter / nach / ab* Hause.

*Mit / auf / nach / bei* der Straße nach Schlitz sind viele Autos.

**TEXT II: LESEVERSTÄNDNIS (60 marc)** **(13, 25, 17, 5)**

**Sa chás go mbíonn na freagraí go léir i nGearmáinis: Ná bronn leathmharcanna ach sa chás go dtugtar faoi ionramháil an eolais chuí.** Teastaíonn fianaise gur thuig iarrthóirí an téacs.

**1. (13 mharc)**

| | |
|---|---|
| Ainm an teaghlaigh **(2 mharc)** | Zimmendorf **(2)** |
| Baill an teaghlaigh<br><br>**(3 mharc)** | Athair / Fear céile / Richard **(1)**<br>Máthair / Bean chéile / Helene **(1) NÓ** Tuismitheoirí **(2)**<br>Iníon **(1)**<br>**N.B: Glac le 3 (triúr) do 3 mharc** |
| Cónaíonn in<br><br>**(3 mharc)** | Hannover (**1)**<br>I dteach leathscoite **(2)** |
| Cuspóir sa saol<br><br>**(2 mharc)** | **CEANN ar bith de na nithe a leanas: 2 mharc**<br>1.Níos lú bruscair / gan bruscar**(1)** a tháirgeadh**(1)**<br>2. Bruscar**(1)** a laghdú**(1)**<br>3. Bosca bruscair folamh<br>4. Athchúrsáil níos mó |
| Cad a chuir orthu a slí mhaireachtála a athrú?<br>**(3 mharc)** | Chonaic siad deilf **(1)** á plúchadh ar mhála plaisteach**(1)** ar chlár faisnéise / ar an teilifís **(1)** |

**Ceist 2. (25 marc (a) 15; (b) 10)**

(a) **15 mharc: 5, 5, 5**

*Cad iad na hathruithe a rinne muintir Zimmendorf a chabhraigh leo a gcuspóir saoil a bhaint amach? Tabhair sonraí.*

**TRÍ cinn ar bith: 15 mharc: 5, 5, 5**

1. Ní cheannaíonn / úsáideann siad málaí plaisteacha.
2. Úsáideann siad málaí fabraice / in-athúsáidte.
3. Fágann siad an pacáistiú ar fad sa siopa.
4. Tá seomra amháin ina dteach ina sheomra athchúrsála. / Tá seomra athchúrsála acu.
5. Déanann siad athchúrsáil ar pháipéar / phlaisteach / alúmanam
6. Déanann siad athchúrsáil ar dhramhaíl chistine.
7. Tá carn / bosca múirín acu.
8. Ceannaíonn siad torthaí / glasraí go díreach ó fheirmeoirí.

(b) **10 marc: 5, 4, 1**

*Cad iad na nithe a bhíonn deacair don teaghlach a athchúrsáil? Tabhair **trí** shonra.*

**TRÍ** cinn ar bith: **10 marc: 5, 4, 1**

1. Scuaba fiacla.
2. Málaí criospaí.
3. Bábóga.
4. Rásúir.
5. Clúdaigh seacláide.

**Ceist 3 (17 marc (a) 12; (b) 5)**

**(a) 12 mharc: 5, 4, 3**

*Conas a chuidigh scimeáil ar an idirlíon leis an teaghlach? Tabhair **trí** shonra.*

**TRÍ** cinn ar bith: **12 mharc: 5, 4, 3**

**1.** D'aimsigh siad daoine den tuairim chéanna.
**2.** Labhair siad i seomraí caidrimh maidir le bruscar a sheachaint / a laghdú.
**3.** Is féidir sean-CDanna a úsáid chun eagla a chur ar éin.
**4.** Is féidir cartáin iógairt a úsáid chun leitís / sailéad a chur
**5.** Rinne siad a siopadóireacht ar an Idirlíon.
**6.** D'aimsigh siad roghanna malartacha ar sheampúnna / ghlóthach chithfholctha / leacht níocháin
**7.** Ceannaíonn siad éadaí atá ceart ó thaobh na héiceolaíochta de
**8.** Tá siad ina saineolaithe ar bhruscar / athchúrsáil anois.

(b) *Cad a rinne Frau Zimmendorf mar thoradh ar ar aimsigh sí ar an idirlíon?*
**5 mharc**

Thosaigh sí a suíomh gréasáin féin **(5 mharc).**

**Ceist 4 (5 mharc)**
*Cén bruscar a dhéanann an teaghlach i gcónaí?*

**CEANN** ar bith: **5 mharc:**

1. Plaisteach.
2. Bréagáin.
3. Buicéid.

**TEXT II: ÄUßERUNG ZUM THEMA (15 mharc)**
**(Ábhar = 8, cumas scríofa = 7)**
Déantar marcáil ar Ábhar (C) agus Cumas Scríofa (Ex) i ndiaidh a chéile.

(a) **Cuir críoch leis an gcomhrá do Frau Zimmendorf. (25-30 focal)**

*Sie: Guten Tag, Frau Zimmendorf! Frau Zimmendorf, seit wann versuchen Sie, keinen Müll zu produzieren?*

**A. (1) Frau Zimmendorf: <u>Seit</u> 2008 / Das Experiment begann 2008 (1)**

*Sie: Woher haben Sie die Idee für ein Leben ohne Müll?*

**B. (1) Frau Zimmendorf: Vom Fernsehen. / Wir haben eine Dokumentation gesehen (1)**

*Sie: Was machen Sie, wenn sie einkaufen?*

**C. (2) Frau Zimmendorf: DHÁ cheann ar bith de na sonraí seo a leanas: 1 + 1**
**Wir benutzten / nehmen keine Plastiktüten**
**Wir benutzen / nehmen Stofftaschen.**
**Wir lassen alle Verpackungen im Geschäft zurück / Wir recyceln alle Verpackungen**

*Sie: Können Sie alles recyceln?*

**D. (2) Frau Zimmendorf: N. B: Freagra diúltach: 1 mharc AGUS aon mhír amháin = 1 mharc**
**Nein / ... kann man nicht recyceln: 1 mharc**
**Plastikdinge / Eimer / Plastikspielzeug / Zahnbürsten / Chipstüten / Puppen / Rasierern / Verpackung von Schokolade = 1 mharc**

*Sie: Wie hilft Ihnen das Internet?*

**E. (2) Frau Zimmendorf: DHÁ cheann ar bith de na sonraí seo a leanas: 1 + 1**
**Im Internet fanden wir Menschen, die das gleiche Ziel hatten wie wir.**
**Es gibt Chatäume.**
**Wir fanden praktische Tipps**
**Wir fandenWebsites mit Alternativen zu Duschgels / Shampoo / Spülmittel.**
**Das Internet wurde zu unserem Einkaufszenter.**

*Sie: Vielen Dank für das Interview, Frau Zimmendorf, und viel Erfolg für die Zukunft.*

**N.B**. Cuir lúibíní thart ar ábhar neamhábhartha [ ..], ná cuir san áireamh é agus Cumas Scríofa á bhreithniú TREOIRLÍNTE do mharcáil an chumais scríofa in Äußerung
**Earráidí:** Cuir marc dearg orthu, cuir ciorcal thart ar earráidí atá ann arís agus arís, ná gearr pionós an athuair
Cuir T agus ciorcal thart air d'earráidí in úsáid aimsirí
Gross- agus Kleinschreibung: cuir líne faoin litir atá scríofa mícheart.
Cuir líne faoi earráidí eile, cuir líne dhúbailte faoi dhearmaid i bhfoircinn na mbriathra agus ord na bhfocal. (Agus scríobh W.O. san imeall ar chlé.)

**Feic leathanach 18: úsáid an scála ar chlé (0-7) chun an marc don chumas scríofa (Ex.) a bhronnadh**

**TEXT II: ÄUßERUNG ZUM THEMA (15 mharc) (Ábhar = 8, cumas scríofa = 7)**
Déantar marcáil ar Ábhar (C) agus Cumas Scríofa (Ex) i ndiaidh a chéile.

**(b) E-mail schreiben(25-30 focal)**

**A. (2)** *Abair go mba mhaith leatsa agus le do rang (1) páirt a ghlacadh sa ghlantachán (1)*

**Meine Klasse und ich (1) wollen unsere / die Straβen sauber machen / Müll sammeln / unsere / die Stadt schöner machen. (1)**

**B. (1)** *Abair cé mhéad duine sibh san iomlán*

**Wir sind / Es gibt....... Schüler. (1)**

**C: (1)** *Abair gur spéis libh go léir an timpeallacht*

**Wir interessieren uns für die Umwelt. (1)**

**D. (2)** *Abair go dtabharfaidh sibh lámhainní (Handschuhe) agus málaí plaisteacha libh*

**Wir werden Handschuhe und Plastiktüten (1) mitbringen. (1)**
**NÓ: Wir bringen (1) Handschuhe und Plastiktüten (mit). (1)**

**E. (2)** *Fiafraigh cén t-am a gcuirfear críoch leis an nglantachán.*

**<u>Um wieviel Uhr / Wann</u> (1) endet der Tag der Umwelt / das Saubermachen? (1)**

**N.B.** Cuir lúibíní thart ar ábhar neamhábhartha [ ..], ná cuir san áireamh é agus Cumas scríofa á bhreithniú

**TREOIRLÍNTE do mharcáil an chumais scríofa in Äußerung**
**Earráidí:** Cuir marc dearg orthu, cuir ciorcal thart ar earráidí atá ann arís agus arís, ná gearr pionós an athuair
Cuir T agus ciorcal thart air d'earráidí in úsáid aimsirí
Gross- agus Kleinschreibung: cuir líne faoin litir atá scríofa mícheart.
Cuir líne faoi earráidí eile, cuir líne dhúbailte faoi dhearmaid i bhfoircinn na mbriathar agus ord na bhfocal. (Agus scríobh W.O. san imeall ar chlé.)

**Feic leathanach 18: úsáid an scála ar chlé (0-7) chun an marc don chumas scríofa (Ex.) a bhronnadh**

**TEXT III: LESEVERSTÄNDNIS (40 marc)** **(6, 6, 17, 1, 10)**
**Sa chás go mbíonn na freagraí go léir i nGearmáinis: Ná bronn leathmharcanna ach sa chás go dtugtar faoi ionramháil an eolais chuí.** Teastaíonn fianaise gur thuig iarrthóirí an téacs.

**Ceist 1. (6 mharc: 3, 3)**
*Cén fáth gur furasta taisteal sa Ghearmáin? Tabhair **dhá** shonra.*

**DHÁ** cheann ar bith: **6 mharc: 3, 3**

1. Tá sé sábháilte
2. Tá sé saor / tá tairiscintí maithe ann
3. Dea-bhonneagar / gréasán maith bóithre / sráideanna.
4. Gréasán iontach traenacha / ceangail iontacha traenach / córas iarnróid iontach.
5. Gréasán iontach busanna / ceangail iontacha bus / córas bus iontach.
   **N.B. Córas iompar poiblí maith: 2 mharc**

**Ceist 2. (6 mharc: 3, 3)**
*Cad iad na roghanna cóiríochta do dhaoine óga atá luaite sa téacs?*

**DHÁ** cheann ar bith: **6 mharc: 3, 3**

1. Brúnna**(2)** óige.**(1)**
2. Óstáin **(2)** shaora.**(1)**
3. Ionaid champála **(2)** den chéad scoth.**(1)**

**Ceist 3. (17 marc: (a) 6; (b) 11)**
(a) *Cad iad na hionaid spéise speisialta atá sna cathracha seo a leanas:*

**6 mharc: 2, 2, 2**

1. **Beirlín**: Ceol **(2)**
2. **Hamburg**: Ealaín **(2)**
3. **München:** Imeachtaí istoíche **(2)**

(a) *Cad iad na spóirt a bhíonn ar siúl? Tabhair sonraí.*

**CEITHRE** cinn ar bith: **11 mharc: 3, 3, 3, 2**

1. Spóirt spraíúla
2. Spóirt treochta
3. Spóirt <u>uisce</u>.
4. Spóirt ar thalamh tirim.
5. Spóirt aeir.
6. Surfáil eitleoige.
7. Bordáil ghainimh.
8. Scátáil inlíne.
9. Faoileoireacht foluana.

**Ceist 4. (1 mharc)**
*Cén t-eolas atá le fáil ar leathanach gréasáin Bhord Turasóireachta na Gearmáine? Tabhair sonraí.*

**CEANN ar bith: 1 mharc**

1. (Eolas ar) imeachtaí.
2. (Eolas ar) thairiscintí speisialta

**Ceist 5. (10 marc: 5 × 2 mharc)**

| | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Ein Urlaub in Deutschland ist sehr teuer. | | X **(2)** |
| Es gibt viele Übernachtungsmöglichkeiten für Jugendliche. | X **(2)** | |
| Niemand in Deutschland spricht Englisch. | | X **(2)** |
| Man braucht einen Pass und ein Visum für eine Reise nach Deutschland. | | X **(2)** |
| Die Flüge von Ryanair sind nicht teuer. | X **(2)** | |

**Treoirlínte do mharcáil Cumas Scríofa i Schriftliche Produktion (a) agus (b)**
**(Tosach = 5; Ábhar = 15; marcáiltear cumas scríofa as 10 nó 7)**
Déantar Tosach **(St.)**, Ábhar (**C**) agus Cumas Scríofa (**Ex.**) a mharcáili ndiaidh a chéile.
**N.B**. Cuir lúibíní thart ar ábhar neamhábhartha [...], ná cuir san áireamh é do bhreithniú Nathanna Cainte.

**Earráidí:** Cuir marc dearg orthu, cuir ciorcal thart ar earráidí atá ann arís agus arís, ná gearr pionós an athuair. Cuir T agus ciorcal thart air d'earráidí in úsáid aimsirí. Groß- agus Kleinschreibung: cuir líne faoin litir atá scríofa mícheart.
Cuir líne faoi earráidí eile, cuir líne dhúbailte faoi dhearmaid i bhfoircinn na mbriathra agus ord na bhfocal. (Cuir W.O. san imeall ar chlé)
**N.B**. Más é 7 nó níos lú an marc ar ábhar, úsáid an (0-7) laghdaithe ar chumas scríofa agus scríobh "Ex níos ísle" lena léiriú.

**Marcanna don Chumas Scríofa**

Äußerung
Nó Schr. Prd.
**Ex. níos ísle** Schr. Prd.
Má tá C ≤ 7 **Scála Iomlán**

| **Iomlán = 7** | **Iomlán = 10** | **Cur Síos ar Chatagóirí** |
|---|---|---|
| **0 – 2** | **0 - 4** | *Stór focal an-neamhleor, focail Ghaeilge/Bhéarla ann b'fhéidir agus cur isteach ó chomhréir na Gaeilge/an Bhéarla; ord na bhfocal, go háirithe suíomh an bhriathair, mícheart go han-mhinic; foirmeacha an bhriathair / aimsirí mícheart go ginearálta.* A lán dearmad litrithe, drochearráidí gramadaí: tuisil mícheart go ginearálta; fíorbheagán aontuithe atá ceart. |
| **3 – 5** | **5 - 7** | *Úsáid stór focal measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta, agus roinnt nathanna Gearmáinise, b'fhéidir. Gan ach correarráid in ord na bhfocal. Gan ach beagán earráidí i bhfoirmeacha / aimsirí na mbriathra.* Gan an iomarca dearmad litrithe ann. Gan ach cúpla earráid mhór ghramadaí / mionearráidí go minic; tuisil, aontuithe, foircinn i gceart níos minice ná a mhalairt, go háirithe ag an gcuid is airde den chatagóir. |
| **6 – 7** | **8 - 10** | *Stór Focal, úsáid mhaith – saibhir, dúchasach agus cuí. Gan ach cor-earráid in ord na bhfocal. Foirmeacha maithe briathartha / foirmiú na n-aimsirí go maith.* Is annamh a bhíonn botúin litrithe ann, an ghramadach ceart go ginearálta: Leibhéal maith cruinnis i dtuisil, foircinn na mbriathra agus aontuithe. |

**N.B.** Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an úsáid teanga (Ex = Cumas scríofa) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.
**Socruithe Réasúnta:** ***Dóibh siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú / gramadach, beidh an marc a bhronntar laistigh de chatagóir bunaithe ar an stór focal, ar mhúnlú na n-aimsirí agus ar ghnéithe a bhaineann le hord na bhfocal amháin, agus <u>ní ar litriú agus ar ghramadach atá bainteach le litriú</u> amhail foircinn aidiachta etc.***

**N.B. Nuair atá obair na n-iarrthóirí le tarscaoileadh litrithe agus gramadaí á marcáil, ná lean ach na tuairiscíní i gcló iodálach thuas. I gcás na n-iarrthóirí eile go léir tá feidhm ag na tuairiscíní iomlána thuas.**

**SCHRIFTLICHE PRODUKTION: 30 marc** **(St. = 5, C = 15, Ex. = 10)**
**(a) Litir**

**St. (5)** Comhlánú an chéad ailt. Cur isteach abairtí cuí**. (5 × 1 mharc)**

- dass ich schon so lange nicht mehr geschrieben habe **(1)**
- weil ich so viele Klassenarbeiten hatte **(1)**
- sind endlich Ferien **(1)**
- auf unseren Urlaub **(1)**
- ein tolles Angebot gefunden **(1)**

Cuir marc an St. san imeall ar dheis, ag bun na litreach.

**C (15)** Corp na litreach … **15 mharc** mar a léirítear thíos.

**A. (2)** Inis do Franzi go bhfuil saoire shaor aimsithe **(1)** agat in Mallorca. **(1)**

**B. (3)** Tabhair sonraí dó / di faoin eitilt:
Dáta agus am fágála **(1)**
Ó München go Palma **(1)**
Tá tú ag fanacht ann ar feadh coicíse **(1)**

**C: (4)** Déan cur síos ar an óstán a bhfanfaidh sibh ann
A ainm **(1)**
Tá sé gar don trá **(1)**
Tá linn snámha ann **(1)**
Tá bricfeasta agus dinnéar san áireamh sa phraghas **(1)**

**D. (2)** Tabhair samplaí de na gníomhaíochtaí is féidir libh a dhéanamh le linn díbh a bheith ann:
**DHÁ** ghníomhaíocht ar bith: **1 + 1**
Turas go Palma
Turas chuig páirc uisce
Dul ag siopadóireacht
**N.B**. Glac le haon ghníomhaíocht fóillíochta eile

**E. (3)** Abair leis / léi go mba mhaith leat an áirithint a dhéanamh go luath **(1)**
agus iarr air / uirthi glao teileafóin a chur ort **(1)** le hinsint duit má thaitníonn an tairiscint leis / léi**(1)**

**Cl. (1)** Scríobh abairt oiriúnach mar chríoch do do litir

**Ex. (10)** Úsáid an ghreille ar Leathanach 18 leis an marc don chumas scríofa i ndáil le C (Ábhar) a ríomh
**Cuir St., C agus Ex. le chéile chun an marc iomlán a thabhairt**

**(b) Scéal i bPictiúir:**
**St. (5)** Comhlánú an chéad ailt / Cur isteach abairtí cuí**. (5 x 1 mharc)**

- das Wochenende kann beginnen **(1)**

- wollen heute abend zusammen ausgehen **(1)**

- sich um acht Uhr vor der Cairo Disco zu treffen **(1)**

- auf den Abend **(1)**

- fragen, ob sie ausgehen darf **(1)**

**Cuir marc an St. san imeall ar dheis, ag bun an scéil i bpictiúir.**

**C (15)**

**N.B. Treoirlínte do mharcáil an Ábhair:**

**(i) Bronn marcanna as sonraí ábhartha.**

**(ii) TRÍ phointe eolais in aghaidh an phictiúir le haghaidh lánmharcanna.**

**(iii) Caithfidh briathar a bheith i ngach pointe eolais.**

**A. (3) Pictiúr 2: Trí phointe eolais ábhartha: 3 × 1**

**B. (3) Pictiúr 3: Trí phointe eolais ábhartha: 3 × 1**

**C. (3) Pictiúr 4: Trí phointe eolais ábhartha: 3 × 1**

**D. (3) Pictiúr 5: Trí phointe eolais ábhartha: 3 × 1**

**E. (3) Pictiúr 6: Trí phointe eolais ábhartha: 3 × 1**

**Ex. (10)** Úsáid an ghreille ar Leathanach 18 leis an marc don chumas scríofa i ndáil le C (Ábhar) a ríomh

**Cuir St., C agus Ex. le chéile leis an iomlán a thabhairt.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ar chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú **síos**.

## *Tábla C*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na hábhair a leanas:

- **Teangacha Nua-aimseartha – Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis & Iodáilis – Gnáthleibhéal Amháin**

**Iomlán: 320 Gnathráta: 5%**

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 240. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 246 | 11 |
| 247 - 253 | 10 |
| 254 - 260 | 9 |
| 261 - 266 | 8 |
| 267 - 273 | 7 |
| 274 - 280 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 286 | 5 |
| 287 - 293 | 4 |
| 294 - 300 | 3 |
| 301 - 306 | 2 |
| 307 - 313 | 1 |
| 314 - 320 | 0 |